RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1250 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Iúil 2022

maidir le haicrioláit eitile, iseavailéaráit pheintile, búitioráit 2-meitile búitile, 2-meitiolaondeacánal, aigéad (*2E*)-meitiolcrotónach, (*E,Z*)-deaca-2,4-dé-éanóáit eitile, bútán-2-ón, aicéatáit chioglaiheicsile, 3,4-démheitilchioglapeantán-1,2-dé-ón, 5-eitil-3-hiodrocsa-4-meitiolfúrán-2(5H)-ón, bútráit feinitile, feiniolaicéatáit heicsile, 4-meitiolaicéitifeanón, 4-meatocsa-aicéitifeanón, 3-meitilfeanól, 3,4-démheitilfeanól, 1-meatocsa-4-meitilbeinséin, trímheitiolocsasól agus 4,5-déhidritiaiféan-3 (2H)-ón a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin, foráiltear maidir le hathmheastóireacht ar bhreiseáin a údaraítear de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle ([2]).

(2) Rinneadh na substaintí aicrioláit eitile, iseavailéaráit pheintile, búitioráit 2-meitile búitile, 2-meitiolaondeacánal, aigéad (*2E*)-meitiolcrotónach, (*E,Z*)-deaca-2,4-dé-éanóáit eitile, bútán-2-ón, aicéatáit chioglaiheicsile, 3,4-démheitilchioglapeantán-1,2-dé-ón, 5-eitil-3-hiodrocsa-4-meitiolfúrán-2(5H)-ón, bútráit feinitile, feiniolaicéatáit heicsile, 4-meitiolaicéitifeanón, 4-meatocsa-aicéitifeanón, 3-meitilfeanól, 3,4-démheitilfeanól, 1-meatocsa-4-meitilbeinséin, trímheitiolocsasól agus 4,5-déhidritiaiféan-3(2H)-ón a údarú mar bhreiseáin bheathaithe gan teorainn ama le haghaidh gach speicis ainmhíoch i gcomhréir le Treoir 70/524/CEE. Ina dhiaidh sin cuireadh na substaintí sin i gClár na mbreiseán beathaithe mar tháirgí a bhí ann cheana, i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh isteach roinnt iarratas chun athmheastóireacht a dhéanamh ar na breiseáin sin le haghaidh gach speicis ainmhíoch.

(4) D'iarr an t-iarratasóir go n-údarófaí na breiseáin lena n-úsáid in uisce óil freisin. Mar sin féin, le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ní cheadaítear comhdhúile blaistithe a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin, níor cheart úsáid na mbreiseán seo in uisce óil a cheadú.

(5) D'iarr an t-iarratasóir go n-aicmeofaí na breiseáin sin i gcatagóir na mbreiseán "breiseáin chéadfacha" agus san fheidhmghrúpa "comhdhúile blaistithe". Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis na hiarratais sin.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

([2]) Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1).

(6) Is é an chonclúid ar ar tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") sna tuairimí uaidh an 1 Feabhra 2012 ([3]), 7 Márta 2012 ([4]), 25 Aibreán 2012 ([5]), 17 Deireadh Fómhair 2012 ([6]), 12 Márta 2013 ([7]), 5 Márta 2014 ([8]), 20 Deireadh Fómhair 2015 ([9]), 26 Eanáir 2016 ([10]), 8 Márta 2016 ([11]), 20 Aibreán 2016 ([12]), 25 Bealtaine 2016 ([13]), 12 Iúil 2016 ([14]) agus 19 Deireadh Fómhair 2016 ([15]), nach bhfuil éifeachtaí díobhálacha ag na breiseáin ar shláinte ainmhithe, ar shláinte tomhaltóirí ná ar an gcomhshaol faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin gur cheart na breiseáin a mheas mar ghreannaitheoirí don chraiceann, do shúile agus do chonair riospráide agus mar íogróirí craicinn. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáideoirí an bhreiseáin.

(7) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil na breiseáin aitheanta mar bhlastán bia agus go mbeadh an fheidhm chéanna aige i mbeatha, go bunúsach, is atá aige i mbia, agus dá bhrí sin nach bhfuil gá le haon léiriú éifeachtúlachta breise. Rinne sé an tuarascáil maidir leis na modhanna anailíse ar na breiseáin bheathaithe in ábhar beatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 a fhíorú freisin.

(8) Léirítear leis an measúnú ar na breiseáin go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substaintí sin a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(9) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha áirithe chun rialú níos fearr a cheadú. Thar aon ní eile, ba cheart cion molta a léiriú ar lipéad na mbreiseán beathaithe. I gcás ina sárófar an méid sin, ba cheart faisnéis áirithe a shonrú ar lipéad na réamh-mheascán.

(10) Cé nach n-údaraítear na breiseáin lena n-úsáid mar bhlastáin in uisce óil, ní chuirtear bac ar a n-úsáid i mbeatha cumaisc a thugtar trí uisce.

(11) Ós rud é nach bhfuil gá leis na modhnuithe ar na coinníollacha maidir le húdarú na hullmhóide lena mbaineann a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí idirthréimhse a cheadú do pháirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú na ceanglais nua a eascraíonn as an údarú a chomhlíonadh.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

Tá na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn a bhaineann le catagóir na mbreiseán "breiseáin chéadfacha" agus leis an bhfeidhmghrúpa "comhdhúile blaistithe" údaraithe mar bhreiseáin i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

([3]) *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2012;10(2):2573.
([4]) *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2012;10(3):2625.
([5]) *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2012;10(5):2678.
([6]) *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2012;10(10):2927.
([7]) *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2013;11(4):3169.
([8]) *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2014;12(3):3608.
([9]) *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2015;13(11):4268.
([10]) *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2016;14(2):4390.
([11]) *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2016;14(6):4441.
([12]) *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2016;14(6):4475.
([13]) *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2016;14(6):4512.
([14]) *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2016;14(8):4557.
([15]) *EFSA Journal* [Iris EFSA], 2016;14(11):4618.

Airteagal 2

Bearta idirthréimhseacha

1. Na substaintí a shonraítear san Iarscríbhinn agus réamh-mheascáin a bhfuil na substaintí sin iontu, a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 9 Feabhra 2023 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 9 Lúnasa 2022, féadfar leanúint ar aghaidh á chur ar an margadh agus á úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

2. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na substaintí sin iontu mar a shonraítear san Iarscríbhinn a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 9 Lúnasa 2023 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 9 Lúnasa 2022, féadfar leanúint ar aghaidh á chur ar an margadh agus á úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.

3. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil na substaintí sin iontu mar a shonraítear san Iarscríbhinn a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 9 Lúnasa 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 9 Lúnasa 2022, féadfar leanúint ar aghaidh á chur ar an margadh agus á úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uas-teor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha **Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe**								
2b09037	Aicrioláit eitile	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Aicrioláit eitile *Tréithriú na substainte gníomhaí* Aicrioláit eitile Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach Íonacht: 97 % Foirmle cheimiceach: $C_5H_8O_2$ Uimhir CAS: 140-88-5 FLAVIS: 09.037 *Modh anailíse* ([1]) Chun aicrioláit eitile sa bhreiseán beathaithe agus sna réamh-mheascáin bhlaistithe bheathaithe a shainaithint: Crómatagrafaíocht gháis in éineacht le mais-speictriméadracht agus a dtréimhse choinneála glasáilte GC-MS-RTL.	Gach speiceas ainm-híoch	-	-	-	1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: "Uaschion a mholtar de shubstaint ghníomhach in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — muca agus éanlaith chlóis: 1 mg, — speicis eile nó catagóirí ainmhithe: 1,5 mg." 4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. 5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don análú.	9 Lúnasa 2032

([1]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uas-teor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha **Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe**								
2b09499	Iseavailéar-áit pheintile	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Iseavailéaráit pheintile *Tréithriú na substainte gníomhaí* Iseavailéaráit pheintile Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach Íonacht: 98 % Foirmle cheimiceach: $C_{10}H_{20}O_2$ Uimhir CAS: 25415-62-7 FLAVIS: 09.499 *Modh anailíse* ([1]) Chun iseavailéaráit pheintile sa bhreiseán beathaithe agus sna réamh-mheascáin bhlaistithe bheathaithe a shainaithint: Crómatagrafaíocht gháis in éineacht le mais-speictriméadracht agus a dtréimhse choinneála glasáilte GC-MS-RTL.	Gach speiceas ainm-híoch	-	-	-	1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: "Uaschion a mholtar de shubstaint ghníomhach in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — muca agus éanlaith chlóis: 1 mg, — speicis eile nó catagóirí ainmhithe: 1,5 mg." 4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. 5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don análú.	9 Lúnasa 2032

([1]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Aois-teorainn	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha **Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe**								
2b09519	Búitioráit 2-meitile búitile	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Búitioráit 2-meitile búitile *Tréithriú na substainte gníomhaí* Búitioráit 2-meitile búitile Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach Íonacht: 95 % Foirmle cheimiceach: $C_9H_{18}O_2$ Uimhir CAS: 15706-73-7 FLAVIS: 09.519 *Modh anailíse* ([1]) Chun búitioráit 2-mheitile búitile sa bhreiseán beathaithe agus sna réamh-mheascáin bhlaistithe bheathaithe a shainaithint: Crómatagrafaíocht gháis in éineacht le mais-speictriméadracht agus a dtréimhse choinneála glasáilte GC-MS-RTL.	Gach speiceas ainm-híoch	-	-	-	1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: "Uaschion a mholtar de shubstaint ghníomhach in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — muca agus éanlaith chlóis: 1 mg, — speicis eile nó catagóirí ainmhithe: 1,5 mg." 4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. 5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don análú.	9 Lúnasa 2032

([1]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uas-teor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha **Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe**								
2b05077	2-Meitio-laondeacá-nal	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* 2-Meitiolaondeacánal *Tréithriú na substainte gníomhaí* 2-Meitiolaondeacánal Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach Íonacht: 97 % Foirmle cheimiceach: $C_{12}H_{24}O$ Uimhir CAS: 110-41-8 FLAVIS: 05.077	Gach speiceas ainm-híoch	-	-	-	1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: "Uaschion a mholtar de shubstaint ghníomhach in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — muca agus éanlaith chlóis: 1 mg, — speicis eile nó catagóirí ainmhithe: 1,5 mg." 4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. 5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don análú.	9 Lúnasa 2032
		Modh anailíse ([1]) Chun 2-meitiolaondeacánal sa bhreiseán beathaithe agus sna réamh-mheascáin bhlaistithe bheathaithe a shainaithint: Crómatagrafaíocht gháis in éineacht le mais-speictriméadracht agus a dtréimhse choinneála glasáilte GC-MS-RTL.		-	-	-		

([1]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uas-teor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha **Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe**								
2b08064	(*2E*)-Aigéad meitiolcro-tónach	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* (*2E*)-Aigéad meitiolcrotónach *Tréithriú na substainte gníomhaí* (*2E*)-Aigéad meitiolcrotónach Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach Ísonacht: íoschion 99 % Foirmle cheimiceach: $C_5H_8O_2$ Uimhir CAS: 80-59-1 FLAVIS: 08.064	Gach speiceas ainm-híoch	-	-	-	1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: "Uaschion a mholtar de shubstaint ghníomhach in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — ainmhithe muirí: — 0,05 mg, — speicis eile nó catagóirí ainmhithe: 1 mg." 4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. 5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don análú.	9 Lúnasa 2032
		Modh anailíse ([1]) Chun *2E*-meitiolaondeacánal sa bhreiseán beathaithe agus sna réamh-mheascáin bhlaistithe bheathaithe a shainaithint: Crómatagrafaíocht gháis in éineacht le mais-speictriméadracht agus a dtréimhse choinneála glasáilte GC-MS-RTL.						

([1]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uas-teor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha **Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe**								
2b09260	(*E,Z*)-deaca-2,4-déanóáit eitile	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* (*E,Z*)-deaca-2,4-déanóáit eitile *Tréithriú na substainte gníomhaí* (*E,Z*)-deaca-2,4-déanóáit eitile Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach Ísonacht: íoschion 90 % Foirmle cheimiceach: $C_{12}H_{20}O_2$ Uimhir CAS: 3025-30-7 FLAVIS: 09.260 *Modh anailíse* ([1]) Chun (EZ)-deaca-2,4-déanóáit eitile sa bhreiseán beathaithe agus sna réamh-mheascáin bhlaistithe bheathaithe a shainaithint: Crómatagrafaíocht gháis in éineacht le mais-speictriméadracht agus a dtréimhse choinneála glasáilte GC-MS-RTL.	Gach speiceas ainm-híoch	-	-	-	1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: "Uaschion a mholtar de shubstaint ghníomhach in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — ainmhithe muirí: — 0,05 mg, — speicis eile nó catagóirí ainmhithe: 1 mg." 4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. 5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don análú.	9 Lúnasa 2032

([1]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uas-teor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha **Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe**								
2b07053	Bútán-2-ón	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Bútán-2-ón *Tréithriú na substainte gníomhaí* Bútán-2-ón Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach Íonacht: íoschion 99,5 % Foirmle cheimiceach: C_4H_8O Uimhir CAS: 78-93-3 FLAVIS: 07.053 *Modh anailíse* ([1]) Chun bútán-2-ón sa bhreiseán beathaithe agus sna réamh-mheascáin bhlaistithe bheathaithe a shainaithint: Crómatagrafaíocht gháis in éineacht le mais-speictriméadracht agus a dtréimhse choinneála glasáilte GC-MS-RTL.	Gach speiceas ainm-híoch	-	-	-	1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: "Uaschion a mholtar de shubstaint ghníomhach in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — muca agus éanlaith chlóis: 1 mg, — speicis eile nó catagóirí ainmhithe: 1,5 mg." 4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. 5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don análú.	9 Lúnasa 2032

([1]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uas-teor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha **Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe**								
2b09027	Aicéatáit chioglai-heicsile	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Aicéatáit chioglaiheicsile *Tréithriú na substainte gníomhaí* Aicéatáit chioglaiheicsile Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach Íonacht: > 98 % Foirmle cheimiceach: $C_8H_{14}O_2$ Uimhir CAS: 622-45-7 FLAVIS: 09.027 *Modh anailíse* ([1]) Chun aicéatáit chioglaiheicsile sa bhreiseán beathaithe agus sna réamh-mheascáin bhlaistithe bheathaithe a shainaithint: Crómatagrafaíocht gháis in éineacht le mais-speictriméadracht agus a dtréimhse choinneála glasáilte GC-MS-RTL.	Gach speiceas ainm-híoch	-	-	-	1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: "Uaschion a mholtar de shubstaint ghníomhach in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: — ainmhithe muirí: — 0,05 mg, — speicis eile nó catagóirí ainmhithe: 1 mg." 4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. 5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann, do na súile, agus don análú.	9 Lúnasa 2032

([1]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uas-teor-ainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha **Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe**								
